

# Máirtín Ó Cadhain: Stair agus Polaitíocht

Gearóid Ó Tuathaigh

(CATHAOIRLEACH: BREANDÁN Ó BUACHALLA)

I dtosach báire ba mhaith liom cúpla focal a rá faoi mo cháilíochtaí, nó, le bheith níos cruinne faoin scéal, m' easpa cáilíochtaí chun tabhairt faoi ghné ar bith de shaothar Mháirtín Uí Chadhain a mheas. Ní haon údar ná saineolaí mé ar an litríocht, litríocht na Nua-Ghaeilge ach go háirithe. Ní haon scoláire Gaeilge mé ach an oiread. Go deimhin, níor fhéad mé gan cuimhneamh ar céard a cheapfadh an Cadhnach féin faoin obair seo nuair a léas ar scríobh sé chuig Tomás Bairéad ar an 28 Meitheamh 1944 i gcampa an Churraigh dó:

Is iontach an t-éadan a bhíos ag daoine a théas ag scríobh i dteanga nach bhfuil acu, agus nach bhféachann siad lena fhoghlaim mar is ceart. Is fearr a d'fhéadfáinn féin Béarla a scríobh ná a bhfurmhór—furmhór an dreama seo atá ag scríobh Gaeilge agus gan í acu.<sup>1</sup>

Ach, ós rud é go bhfuilim i mbun faoistine sa réamhrá seo, tá sé chomh maith agam an scéal a chríochnú. Ní raibh aon aithne cheart agam riamh ar Mháirtín Ó Cadhain. Ní raibh sé riamh agam mar mhúinteoir nó mar ollamh; níor oibrigh mé riamh leis i gcumann nó ar choiste, in eagraíocht nó in agóid. Níor dheisceabal dá chuid mé riamh. Chuala mé ag tabhairt léachta é trí huaire; uair amháin ag an gCumann Éigse agus Seanchais i gColáiste na hOllscoile, Gaillimh, agus dhá uair eile i mBaile Átha Cliath. Is cuimhin liom ciúnas an bhreactha sa Halla agus é ag cur síos ar a óige. Is cuimhin liom freisin an paisean diamhair lenar nocht sé a thuairimí; é sin, agus an greann diabhalta a bhí laistiar de roinnt mhaith dá thrácht ar ghluaiseacht oifigiúil na Gaeilge agus ar mhórphearsana

na gluaiseachta sin! Thairis an méid seo, ní raibh aon aithne phearsanta agam ar Ó Cadhain. Mar staraí atáim ag cur síos ar chuid de thuairimí Uí Chadhain faoin bpolaíocht; mar staraí a bhíonn ag plé ó thráth go chéile le gnéithe áirithe den stair intleachtúil is den stair chultúrtha in Éirinn: stair an ruda diamhair sin a nglaoonn na Francaigh *mentalité* air. San aiste seo beidh mé ag trácht ar Ó Cadhain mar smaointeoir polaitiúil, mar bholscaire agus mar agóidí. Beidh mé ag iarraidh comhthéacs a aimsiú dá thuairimí, comhthéacs a bheidh bunaithe cuid mhaith ar stair na hÉireann, mar a bhí sí agus mar a chonaic Ó Cadhain í. Is dóigh liom gur féidir scríbhneoir *engagé* a thabhairt ar Ó Cadhain, ar chúpla cúis. Bhí sé, ar go leor bealaí, ag glacadh seasaimh mhacánta ar na buncheisteanna a bhain lena chreideamh, lena thuiscint is lena chinniúint féin. Ach ba scríbhneoir *engagé* é Ó Cadhain ar shlí níos tábhachtaí ná na rudaí atá díreach luaite agam, mar gur féidir a rá gur gníomh polaitiúil *per se* é gach siolla dar scríobh sé i nGaeilge, toisc bagairt an bháis, dar leis, a bheith ar an teanga agus ar an gcultúr Ghaelach ar fad. I ngleic a bhí sé le stair na teanga Gaeilge agus le ‘loighic’ na staire sin, is é sin, an bás a bheith i ndán don teanga. Is fiú, mar sin, tuairimí Uí Chadhain a scrúdú. Féachaimis ar dtús, áfach, ar stair an chultúir as ar fáisceadh Ó Cadhain.

San séú agus san seachtú haois déag buaileadh Éire. Bhí an bualadh chomh hiomlán uileghabhálach sin gur ar éigean má bhí gné ar bith de shaol is de dhúchas na muintire a buaileadh nár mhothaigh crobh an chloíteora nuair a tharla an tonnbhriseadh. Dá bharr seo, b’iomaí ciall a bhí leis an bhfocal ‘saoirse’ i mbéalaibh na ndaoine a shíolraigh ó lucht caillte na himeartha ón seachtú haois déag i leith.

1. Ar an gcéad dul síos tá taobh na polaitíochta den scéal; mar a tháinig an tur-namh ar chumhacht mhíleata, agus ar chóras pholaitiúil agus dlí an náisiúin Ghaelaigh ó aimsir na dTúdarach ar aghaidh trí theitheadh na nIarlaí agus tríd an seachtú haois déag.
2. Ansin tá taobh an chultúir agus an léinn dhúchais; mar a tharla do chultúr na Gaeilge a bheith faoi dhímheas; an cultúr Gaelach á dhíothú ar iliomad bealach tríd an seachtú haois déag; an teanga á díbirt as réimsí tábhachtacha an tsaoil phoiblí agus í á tréigean ag na daoine úd ar theastaigh uathu dul chun cinn a dhéanamh faoin réimeas nua polaitiúil; na filí gan ghradam, an léann agus na béasa dúchais i gcoitinne gan aon mheas orthu ag aicme nua na cumhachta sa tír (idir phlandóirí agus an dream istigh a thaobhaigh leo).
3. Sa tríú háit, tá taobh an chreidimh den scéal; an chaoi inar féachadh le creideamh oifigiúil nua (seachas creideamh an mhóraithe nach raibh aon rún acu é a athrú) a bhunú d’aicme nua na cumhachta sa tír—arís, idir phlandóirí nua agus an dream istigh a chuaigh i bpáirt leo sa chóras nua rialtais agus, go deimhin, san idé-eolaíocht a bhí mar bhonn leis.